# Aoi na hAoine




**Ainm:** Gary Mac Phaidín

**Post:** Múinteoir Corp-Oideachas agus Bitheolaíocht

**Caitheamh Aimseartha:** Peil Gaelach, Sacar agus Dornálaíocht.

**Ceol:** Is maith liom ceol ó na 80idí cosúil le Fleetwood Mac agus amhrán ar bith ó Christy Moore ach má tá orm ceann amháin a phiocadh caithfidh mé Ordinary Man nó 'Joxer Goes To Stuttgart' a rá.

**Bia:** D'íosfainn achan rud le bheith ionraice ach tá sé deacair dinnéar an Domhnaigh a bhuaileadh amach nó 'chinese takeaway' ag an deireadh seachtaine.

**Deoch:** Guinness ��

**Scannán:** Nuair a bhí mé óg bhí suim mór agam sna scannáin Rocky. Chonaic mé achan scannán Rocky thart ar fiche am mar sin caithfidh mé na scannáin Rocky a rá.

**Leabhair:** The Pressure Principle - Dr Dave Alred

**Gléas:** Ríomhaire. Tá sé de dhíth orm achan lá ar scoil agus an fón póca fosta. Caithim cuid mhór ama ag dul tríd na meáin shóisialta.

**Meáin shóisialta:** Bíonn mé ar Twitter agus Instagram don chuid is mó den am.

**Laoch:** Leanaim Liverpool sa tsacar mar gheall ar sin caithfidh mé a rá gur Steven Gerrard mo laoch go háirithe ón t-am a bhí me óg.

**Oíche amuigh:** Caithfidh mé Teach Mhicí a rá. Is é sin an áit a bhíonn muid ina dhaiidh cluichí go háirithe nuair a bhaineann muid craobh ar bith leis an chlub. Bhí cúpla oíche den scoith againn ansin le cúpla bliain anuas.

**Cuireadh chuig cóisir:** 1. Christy Moore fá choinne na 'tunes' ag deireadh na hoíche 2. Tommy Tiernan fá choinne an craic agus 3. Cúpla leaid siosmaideach ó fhoireann peile Ghaoth Dobhair.

**Laethanta saoire:** Londain nó Liverpool fá choinne cúpla lá.

**Seanfhocal:** Aithníonn ciaróg ciaróg eile.

**Mana saoil:** Déan dearmad ar na rudaí nach bhfuil smacht nó cumhacht agat ar agus cuir fócas ar na rudaí atá tú ábalta smacht a choinneáil ar. Coinnigh do theach féin in ord.